

Scoláirí mar Thaighdeoirí

Scileanna Léitheoireachta

Ó am go chéile, bíonn scoláirí ag streachailt le taighde ó tharla leibhéal ard aois léitheoireachta a bheith ag ailt eolaíochta. Is amhlaidh atá suíomhanna ar nós www.readable.io agus www.rewordify.com an-úsáideach ag múinteoirí agus scoláirí agus iad ag iarraidh ábhar níos oiriúnaí do léitheoirí óga a bheith acu. Is féidir leat rang teagaisc ar líne a leanúint a léiríonn conas a úsáideann tú féin agus do chuid scoláirí uirlisí ar líne chun aois léitheoireachta ailt a laghdú trí chliceáil [anseo](#).

Is féidir gur teoranta an taithí atá ag go leor scoláirí chun a bheith ag léamh ábhar atá breac le fíricí agus iad ag iarraidh tuiscint a bhaint as. Is féidir teacht ar roinnt straitéisí ranga a fhorbraíonn acmhainn scoláirí chun dul i ngleic le scríbhneoireacht eolaíochta [anseo](#).





Tús a chur le Taighde



Cé gur úsáideach iad na suíomhanna ginearálta ar nós Google agus Yahoo, cabhraíonn beachtú cuardaigh le scoláirí chun an réimse torthaí a gheobhaidh siad a laghdú. Chun cabhrú le scoláirí i dtaca leis sin, is fiú duit súil a chaitheamh ar acmhainn atá againn a thugann leideanna do chuardach rathúil ar líne ([anseo](#)).

B'fhiú do nuathaighdeoirí tús a chur le suíomhanna atá oiriúnach do scoláirí in aois meánscoile. Seans gur mhaith leat scoláirí a threorú ar dtús i dtreo suíomhanna a bhfuil **ábhar eolaíochta amháin** iontu agus atá **deartha do thaighdeoirí agus do léitheoirí óga**. Níos faide anonn, is féidir le do scoláirí a gcuid taighde a shíniú amach chuig suíomh níos leithne. Ar deireadh, nuair atá na scileanna a bhaineann le foinsí iontaofa forbartha acu, beidh siad in inmhe gluaiseacht chuig suíomhanna agus innill chuardaigh níos ginearálta agus cinntí a dhéanamh maidir le hiontaofacht a bhfuil á fheiceáil agus á léamh acu agus a oiriúnaí is atá sé maidir leis an taighde atá idir lámha acu féin.

Tá liosta de na hinnill chuardaigh agus na haoi-shuíomhanna a d'fhéadfadh a bheith cabhrach ag do chuid scoláirí ar an gcéad leathanach eile, agus cur síos achomair ar a bhfuil i gceist iontu. Clliceáil ar an íomhá chun dul chuig an suíomh.

Roinnt Suíomhanna do Scoláirí

Nasc ar líne	Gearrchuntas
	<p>Is foinse alt ar cheisteanna a bhaineann le ETIM (STEM) é an suíomh Kids Ahead. Scríobhtar na hailt agus páistí mar sprioc acu agus tá siad oiriúnach ó thaobh an leibhéil léitheoireachta de.</p>
	<p>Is foinse shaibhir taighde eolaíochta thar réimse leathan topaicí é Science News for Students.</p>
	<p>Is dialann ar líne é Frontiers for Young Minds a tháirgeann bailiúchán d’ailt eolaíochta de chuid eolaithe mór le rá arna gcur in eagar ag “BY KIDS FOR KIDS”</p>
 <p>HYPERLINK "http://www.sciencejournalforkids.org/"</p>	<p>Cuireann an t-irisleabhar seo taighde ceannródaíoch, eolaíoch comhshaoil piarmheasúnaithe ar fáil ARNA CURTHA IN EAGAR (oiriúnach ó thaobh aois léitheoireachta de) do scoláirí agus é curtha i láthair mar ailt <i>pdf</i> ar féidir iad a íoslódáil agus a phriontáil.</p>
 <p>Readable, Teachable News.</p>	<p>Baineann an suíomh seo le nuacht go ginearálta agus bunaíodh é ar dtús chun ailt nuachta a fhorbairt do pháistí idir 7 agus 14 bliana d’aois. Tá ailt den scoth ann a bhaineann le ceisteanna aeráide le cois nithe eile mar shampla sa rannóg eolaíochta. Tús maith chun smaointeoireacht a spreagadh maidir le heolaíocht sa nuacht.</p>
	<p>Cabhraíonn an suíomh seo chun céimeanna a thógáil maidir le cinneadh a dhéanamh i dtaobh alt nuachtán a bheith iontaoifa nó neamhiontaoifa.</p>

	<p>Tugann an iris “Young Scientists” deiseanna do scoláirí teacht ar thaighde atá déanta ag scoláirí eile agus a gcuid taighde eolaíochta féin a fhoilsiú.</p>
	<p>Suíomh iontach go deo é seo chun blas beag a thabhairt do do chuid scoláirí ar bhlaganna agus deis a thabhairt dóibh coincheapa na hiontaofachta, na beaichte agus na claontachta i mblaganna a fheiceáil. Seans gur mhaith le cuid acu a bheith ina mblagálaithe!</p>

Ó Chuardach go Taighde

A luaithe is atá **scileanna cuartú eolais** forbartha ag scoláirí, is féidir leo dul chun cinn maidir le **scileanna taighde a fhorbairt** lena n-áirítear:

- Idirdealú idir foinsí,
- Foinsí a úsáideadh a thaifead, údar leo a chur i láthair,
- Anailís a dhéanamh ar dhearccháí éagsúla,
- Conclúidí a dhéanamh agus dearcadh pearsanta a chur in iúl bunaithe ar fhianaise.